RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/751 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 67 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le feasacht faoi ghalair, le hullmhacht agus le rialú. Go háirithe, leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de chun na galair a liostaítear ina Airteagal 5 a chosc agus a rialú.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, go háirithe galair i gcatagóirí A, B agus C i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalair i gcatagóir A agus i ndáil le gluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí ainmhithe laistigh de na criosanna srianta agus ó na criosanna sin, mar chuid de na bearta chun rialú a dhéanamh ar leathadh galar i gcatagóir A.

(3) Tugtar sainmhínithe difriúla ar "chásálacha" i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([4]), agus is é an sainmhíniú ceart an sainmhíniú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Chun leanúnachas a áirithiú i measc fhorálacha na ngníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, ba cheart an sainmhíniú ar "chásálacha" a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a cheartú agus a ailíniú leis an sainmhíniú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

(4) In Airteagal 23, pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar foráil go bhféadfadh an t-údarás inniúil maoluithe a thabhairt ar na bearta atá le cur i bhfeidhm i gcrios srianta i gcás ráig de ghalair i gcatagóir A i mbunaíocht ina gcoimeádtar suas le 50 éan i mbraighdeanas, ach ní féidir maolú a thabhairt ar an oibleagáid crios srianta a bhunú, oibleagáid a thagann ó fhorálacha a leagtar síos in Airteagal 21 den Rialachán Tarmligthe sin. D'fhéadfadh an oibleagáid sin srianta trádála nach bhfuil gá leo a chruthú agus ualach gan údar a chur ar oibreoirí agus údaráis inniúla.

(5) Ba cheart na bearta rialaithe galar dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a bheith comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann. I gcúinsí áirithe, mura mbíonn teagmháil dhíreach nó indíreach ag bunaíocht ina gcoimeádtar suas le 50 éan i mbraighdeanas le bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas, d'fhéadfadh an baol go gcuirfí le ráig an ghalair a bheith beag. Ar an gcúis sin, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla maolú ar chrios srianta a bhunú nuair a thagann ráig de ghalar i gcatagóir A chun cinn i mbunaíocht ina gcoimeádtar suas le 50 éan i mbraighdeanas, má dhéanann an t-údarás inniúil measúnú riosca lena bhforáiltear nach mbíonn teagmháil dhíreach ná indíreach ag an mbunaíocht le héanlaith chlóis nó le bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar éin i mbraighdeanas.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 21(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú chun bunaíochtaí ina gcoimeádtar suas le 50 éan i mbraighdeanas a chur san áireamh sna háiteanna a bhféadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh crios srianta a bhunú nó gan é a bhunú faoi chúinsí áirithe, má thagann ráig de ghalar i gcatagóir A chun cinn iontu.

(7) In Airteagail 28 agus 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, leagtar síos coinníollacha ginearálta maidir le maoluithe a thabhairt ar na toirmisc atá ar ghluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí sna criosanna cosanta agus criosanna faireachais, faoi seach. Sonraítear sna coinníollacha ginearálta na bearta atá le cur i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun a áirithiú gur diomaibhseach an riosca go leathfaí galar i gcatagóir A trí ghluaiseachtaí den sórt sin. Áirítear sna bearta sin bearta bithshlándála forlíontacha diana áirithe le linn gach oibríochta iompair ón mbunaíocht tionscnaimh go dtí go ndéanfar an díluchtú ag an mbunaíocht cinn scríbe, rud a ainmníonn údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Nuair atá údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh éagsúil le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh in ann cur chun feidhme na mbeart sin go léir a áirithiú, go háirithe suíomh na bunaíochta ina bhfuil ainmhithe de speicis liostaithe a bheith ar eolas acu, bealach a seachnódh na suíomhanna sin a roghnú nó cur chun feidhme beart bithshlándála forlíontacha a áirithiú agus díluchtú á dhéanamh ag an mbunaíocht cinn scríbe ainmnithe.

(8) Ina theannta sin, má tá údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh éagsúil le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe ainmnithe, ba cheart d'údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh údarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe a chur ar an eolas faoin ainmniú sin. Chun cur chun feidhme na mbeart go léir a leagtar síos le hAirteagail 28 agus 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a áirithiú, áfach, ba cheart d'údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh i gcomhar le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe an bhunaíocht cinn scríbe a ainmniú. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 28(3) agus Airteagal 43(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú dá réir.

(9) In Airteagal 30(2) agus Airteagal 46(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar foráil maidir leis na coinníollacha sonracha chun gluaiseachtaí éanlaithe clóis atá réidh le breith a údarú ó bhunaíochtaí i gcriosanna cosanta agus i gcriosanna faireachais faoi seach a bunaíodh mar fhreagra ar ráig galair i gcatagóir A. I gcomhréir leis na hAirteagail sin, féadfaidh an t-údarás inniúil gluaiseachtaí den sórt sin a údarú mura bhfuil aon ainmhí ar coimeád de speicis liostaithe sa bhunaíocht cinn scríbe. Go hiarbhír, i gcásanna áirithe, sna bunaíochtaí ina gcoimeádtar béaróga agus a n -aistrítear na héanlaith chlóis atá réidh le breith chucu, féadfar roinnt aonaid eipidéimeolaíocha a bheith iontu, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (39) de Rialachán (AE) 2016/429, agus ní mór na haonaid eipidéimeolaíocha sin a bheith líonta ag tréimhsí difriúla chun táirgeacht bhliantúil sheasta uibheacha a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 30(2) agus Airteagal 46(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú chun go bhféadfaidh éanlaith chlóis atá réidh le breith ó chriosanna cosanta nó criosanna faireachais a aistriú freisin in aonad eipidéimeolaíoch folamh laistigh de bhunaíocht ina gcoimeádtar ainmhithe de speicis liostaithe in aonaid eipidéimeolaíocha eile.

(10) In Airteagail 39 agus 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, leagtar síos coinníollacha maidir le deireadh a chur leis na bearta rialaithe a cuireadh i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus criosanna faireachais, faoi seach. Is bearta riachtanacha iad an réamhghlanadh agus an réamhdhíghalrú agus is gá iad a dhéanamh go héifeachtach chun leathadh galair i gcatagóir A ón mbunaíocht atá buailte leis a sheachaint. Leagtar amach na nósanna imeachta maidir le glanadh agus díghalrú i bpointí A agus B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. I gcomhréir leis na nósanna imeachta sin, tá an réamhghlanadh agus an réamhdhíghalrú curtha i gcrích má fágadh an díghalrán ar an dromchla cóireáilte ar feadh 24 uair ar a laghad. Prionsabail aitheanta is ea réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú i gcosc agus díothú galar i gcatagóir A, agus dá bhrí sin, ní ríomhtar íostréimhse na mbeart atá le cur chun feidhme i gcriosanna srianta go dtí go gcuirtear an réamhghlanadh agus an réamhdhíghalrú i gcrích.

(11) Téacs reatha Airteagail 39 agus 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, níl sé soiléir maidir le túsphointe íostréimhse na mbeart atá le cur chun feidhme sna criosanna cosanta agus sna criosanna faireachais agus d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh na Ballstáit an ceanglas sin chun feidhme ar bhealaí éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 39 agus 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú chun an túsphointe lena ríomhfaí íostréimhse na mbeart i gcriosanna cosanta agus criosanna faireachais a shonrú go soiléir.

(12) Le hAirteagal 31(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ceadaítear don údarás inniúil gluaiseacht uibheacha goir a údarú ó bhunaíocht sa chrios cosanta go dtí gorlann sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear gluaiseacht uibheacha goir ó bhunaíocht i gcrios cosanta go dtí gorlann i gcrios faireachais. I gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos le hAirteagal 46(1), pointe (a), den Rialachán Tarmligthe sin, áfach, ní féidir gluaiseachtaí sicíní lae de thionscnamh criosanna faireachais go dtí bunaíochtaí sa Bhallstát céanna a údarú ach amháin más rud é gur goradh iad ó uibheacha de thionscnamh bunaíochtaí laistigh den chrios faireachais. Dá bhrí sin, faoi Airteagal 46(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ní cheadaítear don údarás inniúil gluaiseachtaí ón gcrios faireachais de shicíní lae a goradh ó uibheacha de thionscnamh bunaíochtaí laistigh den chrios cosanta a údarú.

(13) Le hAirteagal 30(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ceadaítear gluaiseacht sicíní lae ó bhunaíocht sa chrios cosanta má goradh ó uibheacha de thionscnamh an chreasa srianta iad. Dá bharr sin, i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, féadfaidh an t-údarás inniúil gluaiseacht ó chrios srianta de shicíní lae a goradh ó uibheacha de thionscnamh bunaíochtaí laistigh den chrios cosanta a údarú, má chomhlíontar coinníollacha áirithe. Ba cheart don údarás inniúil a bheith in ann gluaiseacht ó chrios faireachais de shicíní lae a goradh ó uibheacha de thionscnamh bunaíochtaí laistigh den chrios cosanta a údarú, má chomhlíontar coinníollacha comhchosúla. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 46(1), pointe (a), a leasú dá réir sin.

(14) In Airteagal 52 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar foráil maidir le coinníollacha sonracha atá le comhlíonadh nuair a dhéanann an t-údarás inniúil gluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a thairgtear sa chrios faireachais a údarú. Is féidir a thuiscint ó Airteagal 52 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, de réir na foclaíocht reatha, gur gá na coinníollacha go léir a liostaítear i bpointí (a) go (d) den Airteagal sin a chomhlíonadh. Mar sin féin, tagraíonn Airteagal 52, pointe (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 don chás ina ndearnadh ceann amháin ar a laghad de na cóireálacha maolaithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin ar na hábhair bheatha de bhunadh plandaí agus tuí. Nuair a dhéantar an chóireáil maolaithe riosca, déantar tráchtearraí sábháilte de na hábhair bheatha de bhunadh plandaí agus tuí agus féadfar iad a ghluaiseacht lasmuigh den chrios faireachais dá bharr. Sa bhreis air sin, in Airteagal 36 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar foráil maidir le coinníollacha sonracha chun gluaiseacht ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí ón gcrios cosanta a údarú. I gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, féadfaidh gluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí ón gcrios cosanta a údarú má rinneadh orthu ceann amháin ar a laghad de na cóireálacha maolaithe riosca i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Ina theannta sin, tá na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52, pointí (a) go (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 comhchosúil leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 36 den Rialachán tarmligthe sin. Dá bhrí sin, níor cheart gluaiseacht ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a thairgtear sa chrios faireachais a bheith faoi réir coinníollacha a bheadh níos déine ná na coinníollacha is infheidhme maidir le gluaiseacht ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a thairgtear sa chrios cosanta. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 52 de Rialachán Tarmligthe(AE) 2020/687 a cheartú chun a áirithiú go mbeidh na srianta sa chrios faireachais comhchosúil leis na srianta sa chrios cosanta nuair a chomhlíontar coinníollacha comhchosúla.

(15) In Airteagal 59(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, leagtar síos na ceanglais maidir le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid chun athdhaonrú a dhéanamh i mbunaíochtaí atá buailte le ráig galair i gcatagóir A. Ní mór do na hainmhithe sin a bheith de thionscnamh bunaíocht nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta agus nach bhfuil faoi réir bearta rialaithe galar le haghaidh galair i gcatagóir A in ainmhithe talún ar coimeád, mar a leagtar síos i gCuid II, Caibidil II, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. In Airteagal 59(2), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, tagraítear go hearráideach, áfach, do shrianta dá bhforáiltear i gCaibidil III den Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, ba cheart téacs Airteagail 59(2), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a cheartú chun tagairt a dhéanamh do na srianta dá bhforáiltear i gCaibidil II den Rialachán Tarmligthe sin.

(16) Le hAirteagail 27 agus 42 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, leagtar síos toirmisc maidir le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear gluaiseachtaí, a bhaineann le hainmhithe, táirgí agus ábhair eile, ar gluaiseachtaí iad laistigh de na criosanna cosanta agus faireachais nó gluaiseachtaí chucu, nó gluaiseachtaí uathu. Tá na toirmisc liostaithe sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Tá toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe go dtí bunaíochtaí sa chrios srianta i gcomhréir leis an tábla sin ionas nach dtiocfaidh méadú ar an líon ainmhithe ar coimeád atá soghabhálach i leith galar i gcatagóir A atá deimhnithe sa chrios sin. Má aistrítear uibheacha goir chuig gorlann atá lonnaithe i gcrios srianta, d'fhéadfaí sicíní lae a tháirgeadh, rud a mhéadóidh an líon ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe sa chrios srianta. Dá bhrí sin, bheadh gluaiseacht den sórt sin ag teacht salach ar chuspóir an toirmisc ar ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe a aistriú go dtí bunaíochtaí sa chrios srianta. Dá réir sin, mar riail ghinearálta, meastar go bhfuil toirmeasc ar ghluaiseacht den sórt sin. Mar sin féin, sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ní liostaítear ach an toirmeasc ar ghluaiseacht uibheacha goir ó bhunaíochtaí sa chrios srianta ach tá sé sin mícheart. Dá bhrí sin, ba cheart téacs an tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a cheartú, chun tagairt a dhéanamh don toirmeasc ar ghluaiseacht uibheacha goir go dtí bunaíochtaí sa chrios srianta freisin.

(17) Ina theannta sin, tá an toirmeasc a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ar ghluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí teoranta go mícheart dóibh a fhaightear sa chrios cosanta, rud a fhagann go gceadaítear gluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a fhaightear sa chrios faireachais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina riosca maidir le leathadh an ghalair. Ba cheart Iarscríbhinn VI de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú mar sin chun gluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a fhaightear sa chrios srianta a thoirmeasc.

(18) Le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar foráil maidir le cóireálacha maolaithe riosca le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch, go háirithe feoil, cásálacha agus bainne, ón gcrios srianta. Na cóireálacha sin lena ndéantar na hoibreáin galair a dhíghníomhú, ba cheart na cóireálacha a bheith i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, le caighdeáin idirnáisiúnta agus le fianaise eolaíoch nua. An iontráil san Iarscríbhinn sin maidir le víreas bolgaí caorach agus víreas bolgaí gabhar, tá an iontráil sin folamh faoi láthair de dheasca easpa sonraí eolaíocha agus easpa staidéir maidir le cóireálacha a fuarthas go dtí seo. I bhfianaise na ráigeanna de bholgach caorach agus bolgach gabhar a bhuail an tAontas le déanaí, ba cheart do na Ballstáit sin atá i mbun ráigeanna den sórt sin a bhainistiú a bheith in ann cóireáil a dhéanamh ar fheoil agus ar bhainne ó ainmhithe de chineál gabhair agus de chineál caorach. Ní dhearnadh foráil maidir le cóireálacha den sórt sin in Iarscríbhinn VII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 toisc go bhfuil an Coimisiún ag fanacht ar thorthaí staidéir arna choimisiniú chuig saotharlann tagartha an Aontais le haghaidh víris bolgaí caorach agus gabhair, nó ar thuilleadh comhairle eolaíche ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás"). Mar sin féin, agus an chosúlacht idir víreas bolgaí caorach, víreas bolgaí gabhar agus víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh á cur san áireamh, ar den fhine Poxviridae agus den ghéineas Capripoxvirus iad araon, is iomchuí cur i bhfeidhm cóireálacha maolaithe riosca sa tábla ábhartha d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a cheadú. Déanfar athbhreithniú ar chóireálacha maolaithe riosca le haghaidh bolgach caorach agus bolgach gabhar a luaithe a bheidh tuilleadh fianaise eolaíoch ar fáil.

(19) I dtuairim eolaíoch a fuarthas le déanaí ([5]), rinne an tÚdarás measúnú ar éifeachtacht cóireálacha maolaithe riosca áirithe le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch agus le haghaidh ábhair eile i ndáil le galair i gcatagóir A. I measc cóireálacha eile, mheas an tÚdarás gur cóireáil éifeachtach í an chóireáil teasa feola chun lár-theocht 70 °C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad ar a laghad chun víreas fhiabhras Afracach na muc a dhíghníomhú. Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch nua agus i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) ([6]) a bhaineann le fiabhras Afracach na muc, ba cheart Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú dá réir chun cóireáil maolaithe riosca bhreise le haghaidh fhiabhras Afracach na muc a chur san áireamh.

([5]) Iris EPSA 2022;20(8):7443.

([6]) Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún WOAH, an 29ú hEagrán, 2022. Imleabhair I agus II, ISBN 978-92-95121-28-7; https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/

(20) Leagtar síos in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 na 'cóireálacha maolaithe riosca le haghaidh táirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad ón gcrios cosanta', ach déantar tagairtí do na cóireálacha sin in Airteagal 52 den Rialachán Tarmligthe sin freisin, rud a bhaineann le coinníollacha sonracha maidir le gluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí ón gcrios faireachais a údarú. Dá bhrí sin, ba cheart teideal Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a cheartú chun tagairt a dhéanamh do na 'cóireálacha maolaithe riosca le haghaidh táirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad ón gcrios srianta'.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 21(3), cuirtear an pointe (g) seo a leanas leis:

"(g) bunaíochtaí ina gcoimeádtar suas le 50 éan i mbraighdeanas, fad is nach mbíonn teagmháil dhíreach ná indíreach acu le héanlaith chlóis ná le bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar éin i mbraighdeanas.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28(3):

"3. Déanfaidh údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh an bhunaíocht cinn scríbe a ainmniú le haghaidh gluaiseachtaí ón gcrios cosanta nó go dtí an crios cosanta. Má tá údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh éagsúil le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe, déanfaidh sé an t-ainmniú sin i gcomhar le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe.";

(3) in Airteagal 30(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) níl aon ainmhí ar coimeád de speicis liostaithe sa bhunaíocht ná san aonad eipidéimeolaíoch cinn scríbe;";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39(1):

"1. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil deireadh a chur leis na bearta dá bhforáiltear i Ranna 1 agus 2 den Chaibidil seo ach amháin más rud é:

(a) go mbeidh an tréimhse íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn X caite tar éis an dáta a críochnaíodh réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú agus, i gcás inarb ábhartha, an dáta a rialaítear feithidí agus creimirí, arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15 sa bhunaíocht atá buailte; agus

(b) go ndearnadh scrúduithe cliniciúla agus, nuair is gá, scrúduithe saotharlainne, le torthaí fabhracha, ar ainmhithe de speicis liostaithe, i gcomhréir le hAirteagal 26, sna bunaíochtaí uile ina gcoimeádtar ainmhithe de speicis liostaithe sa chrios cosanta.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 43(3):

"3. Déanfaidh údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh an bhunaíocht cinn scríbe a ainmniú le haghaidh gluaiseachtaí ón gcrios cosanta nó go dtí an crios cosanta. Má tá údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh éagsúil le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe, déanfaidh sé an t-ainmniú sin i gcomhar le húdarás inniúil na bunaíochta cinn scríbe.";

(6) leasaítear Airteagal 46(1), pointe (a), mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

"(a) go dtí bunaíochtaí sa Bhallstát céanna inar goradh iad ó uibheacha de thionscnamh bunaíochtaí laistigh den chrios srianta, más rud é:';

(b) cuirtear isteach an pointe (iii) seo a leanas:

"(iii) séalaíonn an t-údarás inniúil an modh iompair tráth an luchtaithe nó séalaítear é faoina mhaoirseacht.";

(7) in Airteagal 46(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) níl aon ainmhí ar coimeád de speicis liostaithe sa bhunaíocht ná san aonad eipidéimeolaíoch cinn scríbe;";

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 55(1):

"1. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil deireadh a chur leis na bearta rialaithe galar arna gcur i bhfeidhm sa chrios faireachais de bhun Ranna 1 3 ach amháin más rud é:

(a) go mbeidh an tréimhse íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XI caite tar éis an dáta a críochnaíodh réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú agus, i gcás inarb ábhartha, an dáta a rialaítear feithidí agus creimirí, arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15 sa bhunaíocht atá buailte;

(b) gur comhlíonadh na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 39(1), pointe (b), sa chrios cosanta; agus

(c) go ndearna tréidlianna oifigiúla, le torthaí fabhracha, cuairteanna ar líon ionadaíoch bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe de speicis liostaithe, i gcomhréir le hAirteagal 41.";

(9) cuirtear an tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad an chéad tábla maidir le feoil, cásálacha agus bainne in Iarscríbhinn VII.

Airteagal 2

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 2, pointe (10), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe ar "chásálacha":

"(10) ciallaíonn 'cásálacha' lamhnáin agus inní a próiseáladh trí fhíochán a scríobadh, trí díshailleadh, agus trína ní, agus a cóireáladh le salainn nó a triomaíodh, tar éis a nglanta;";

(2) in Airteagal 52, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) úsáidfear iad laistigh den chrios faireachais; nó";

(3) in Airteagal 59(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) nach de thionscnamh bunaíocht atá faoi réir srianta dá bhforáiltear i gCaibidil II; agus";

(4) in Iarscríbhinn VI, ceartaítear an tábla mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa chéad cholún den deichiú ró den tábla:

'Gluaiseachtaí uibheacha goir chuig bunaíochtaí sa chrios srianta agus uathu';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa chéad colún den ró deireanach den tábla:

'Gluaiseachtaí ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a fhaightear sa chrios srianta';

(5) in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**CÓIREÁLACHA MAOLAITHE RIOSCA LE hAGHAIDH TÁIRGÍ NACH DE BHUNADH AINMHÍOCH IAD ÓN gCRIOS SRIANTA**'.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad tábla maidir le feoil, cásálacha agus bainne:

'Cóireáil	FMD [1]	RP	RVFV	LSD	CBPP	SPGP	PPR	CCPP	CSF	ASF	AHS	HPAI	NCD
FEOIL													
Cóireáil teas i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosmhéid F_0 [2] 3 a bhaint amach	x						X		X	X		X	X
Cóireáil teasa chun lár-theocht 80 °C a bhaint amach	X						X		X	X		X	X
Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 °C a bhaint amach	X						X		X			X	X
Cóireáil teasa (ar fheoil a díchnámhaíodh agus a díshailleadh cheana) chun lár-theocht 70 °C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad ar a laghad	X						X		X	X			
I gcoimeádán séalaithe go heirméiteach ag 60 °C ar feadh 4 uair ar a laghad	X						X		X	X			
Lár-theocht 73,9 °C ar feadh 0,51 soicind ar a laghad [3]	X											X	X
Lár-theocht 70,0 °C ar feadh 3,5 soicind ar a laghad [3]												X	X
Lár-theocht 65,0 °C ar feadh 42 soicind ar a laghad [3]												X	X
Lár-theocht 60 °C ar feadh 507 soicind ar a laghad [3]												X	X
Cóireáil teasa chun triomú go huasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach													
Cóireáil teasa chun lár-theocht 65°C a bhaint amach ar feadh tréimhse chun íosluach paistéaracháin 40 a bhaint amach							X						
Coipeadh nádúrtha agus aibiú le haghaidh feoil ar an gcnámh: 9 mí ar a laghad, chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach	X								X				
Coipeadh nádúrtha agus aibiú le haghaidh feoil dhíchnámhaithe: 9 mí ar a laghad, chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach	X								X	X			
Coipeadh nádúrtha le haghaidh luan: 140 lá ar a laghad, chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach [4]									X	X			
Coipeadh nádúrtha le haghaidh liamháis: 190 lá ar a laghad, chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach. [4]									X	X			
Triomú i ndiaidh sailleadh liamháis ar an gcnámh de chineál Iodálach: 313 lá ar a laghad [4]									X				

‘Cóireáil	FMD ([1])	RP	RVFV	LSD	CBPP	SPGP	PPR	CCPP	CSF	ASF	AHS	HPAI	NCD
Triomú i ndiaidh sailleadh liamháis ar an gcnámh de chineál Spáinneach ([4]): — Liamhás na hIbéire: 252 lá ar a laghad — Gualainn Ibéaracha: 140 lá ar a laghad — Luain Ibéaracha: 126 lá ar a laghad — Liamhás Serrano: 140 lá ar a laghad	X								X	X			
Aibiú conablach ag íosteocht 2 °C ar feadh 24 uair ar a laghad tar éis a maraithe			X										
Cruinniú scairteach				X	X	X		X					
CÁSÁLACHA													
Sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad, bídís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht chomhthimpeallach 20 °C nó os a cionn	X			SC ([5])			X		X	X			
Sailleadh le salann arna fhorlíonadh le fosfáit ina bhfuil 86,5 % NaCl, 10,7 % Na_2HPO_4 agus 2,8 % Na_3PO_4 bídís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 C nó os a cionn	X						X		X	X			
Sailleadh le clóiríd sóidiam (NaC1) ar feadh 30 lá ar a laghad ([6])													
Tuaradh ([6])													
Triomú ([6])													
BAINNE													
Cóireáil teasa (próiseas steirilithe) chun íosmhéid F_0 3 a bhaint amach	X				SC ([5])			SC ([5])					
Cóireáil teasa UHT (Teocht Ultra-Ard): Lár-theocht 132 °C ar a laghad ar feadh 1 soicind amháin ar a laghad	X						X						
Cóireáil teasa UHT (Teocht Ultra-Ard): 135 °C ar a laghad ar feadh aga coinneála oiriúnach	X												
Cóireáil teasa HTST (paistéaradh ardteochta gearrthréimhse) má bhíonn pH an bhainne níos lú ná 7, cóireáil teasa ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 soicind ar a laghad	X						X						
Cóireáil teasa HTST (paistéaradh ardteochta gearrthréimhse) má bhíonn pH an bhainne níos airde ná 7, cóireáil teasa a chuirtear i bhfeidhm faoi dhó ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 soicind ar a laghad	X						X						

‘Cóireáil	FMD [1]	RP	RVFV	LSD	CBPP	SPGP	PPR	CCPP	CSF	ASF	AHS	HPAI	NCD
Cóireáil teasa HTST (paistéaradh ardteochta gearrthréimhse) in éineacht le cóireáil fhisiceach chun luach pH is lú ná 6 a bhaint amach ar feadh uair an chloig ar a laghad nó chun 72 °C a bhaint amach, in éineacht le triomú	X												
Paistéaradh trí chóireáil teasa aonair ag a bhfuil éifeacht atá coibhéiseach ar a laghad leis an éifeacht a bhainfí amach trí 72 °C a chur i bhfeidhm ar feadh 15 soicind	X		X	X		X							

([1]) Giorrúcháin de ghalair i gcomhréir le hIarscríbhinn II.
([2]) Is é F_0 an éifeacht mharfach a ríomhtar ar spóir bhaictéaracha. Ciallaíonn luach F_0 3 go ndearnadh an pointe is fuaire den táirge a théamh go leordhóthanach chun an éifeacht mharfach chéanna le luach 121 °C (250°F) a bhaint amach ar feadh trí nóiméad le teas agus fuacht meandarach.
([3]) I gcás feoil éanlaithe clóis amháin.
([4]) I gcás muc-ainmhithe amháin.
([5]) Tráchtearra sábháilte
([6]) Seachas i gcás cásálacha buaibheacha, caoracha, gabhair agus mucúla.’